Áit Chónaithe:
Stór Focal

TEG B2: Aonad 2

A: RÉAMHOBAIR

Scríobh síos gach a ritheann leat faoin topaic agus tú ag féachaint ar na pictiúir thíos.

	

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

B: FOCLÓIR

Maitseáil na téarmaí Béarla leis na haistriúcháin chearta thíos:

	Béarla		Gaeilge
1.	redecorate	a.	morgáiste
2.	a nice view	b.	a ligean ar cíos
3.	a rural area	c.	síneadh
4.	population	d.	athmhaisigh
5.	closest	e.	an grianán
6.	letting / renting	f.	tine gháis
7.	traffic congestion	g.	radharc deas
8.	a strong broadband connection	h.	ceantar tuaithe
9.	plenty of theatres and art galleries	i.	monarcha
10.	on the outskirts of the town	j.	is cóngaraí
11.	mortgage	k.	iargúlta go maith
12.	public transport system	l.	daonra
13.	factory	m.	neart amharclann agus dánlann
14.	the conservatory	n.	a lán foirgnimh stairiúla
15.	by the coast	o.	tógadh bóthar nua
16.	a lot of historical buildings	p.	brú tráchta
17.	gas fire	q.	cois cósta
18.	quite remote	r.	córas iompair poiblí
19.	a new road was built	s.	ceangal leathanbhanda láidir
20.	extension	t.	ar imeall an bhaile

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16	17	18	19	20

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Tasc breise: Cliceáil ar na focail thuas le héisteacht leis an gcaoi a bhfuaimnítear iad sna canúintí éagsúla!

C: AISTRIÚCHÁN

Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge:

1. The mortgage is very expensive, so they must rent out a room.
2. He would love to add an extension to the house next year.
3. The conservatory is very comfortable in the summer.
4. I live in a rural area and I have a nice view of the mountains.
5. It is quite a remote place and the closest town is 40km away from us.
6. There are plenty of theatres and galleries there and there are also a lot of historical buildings on the edge of the city.
7. The traffic congestion used to annoy people before the new road was built.
8. We would like to redecorate the sitting room and add a gas fire.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

D: MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

San aonad seo, d'fhoghlaim mé:		😊	😐	☹️
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				
6.				
7.				
8.				

Ceist(eanna) atá agam go fóill:

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

FREAGRAÍ

B: FOCLÓIR

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16	17	18	19	20
k	f	t	a	n	q	b	c	m	e	r	d	i	p	s	g	o	l	h	j

C: AISTRIÚCHÁN

1. The mortgage is very expensive, so they must rent out a room.
Tá an morgáiste an-chostasach agus caithfidh siad seomra a ligean ar cíos dá bharr.
2. He would love to add an extension to the house next year.
Ba bhreá leis síneadh a chur leis an teach an bhliain seo chugainn.
3. The conservatory is very comfortable in the summer.
Bíonn an grianán an-chompordach sa samhradh.
4. I live in a rural area and I have a nice view of the mountains.
Tá mé i mo chónaí / Tá cónaí orm i gceantar tuaithe agus tá radharc deas agam ar na sléibhte.
5. It is quite a remote place and the closest town is 40km away from us
Tá an áit iargúlta go maith agus tá an baile is cóngaraí 40 ciliméadar uainn.
6. There are plenty of theatres and galleries there and there are also a lot of historical buildings on the edge of the city
Tá neart amharclann agus dánlann ann agus tá a lán foirgnimh stairiúla ar imeall na cathrach chomh maith.
7. The traffic congestion used to annoy people before the new road was built
Chuireadh an brú tráchta agus an torann as do dhaoine / isteach ar dhaoine sular tógadh / sula ndearnadh an bóthar nua
8. We would like to redecorate the sitting room and add a gas fire
Ba mhaith linn athmhaisiú a dhéanamh ar an seomra suí / an seomra suí a athmhaisiú agus tine gháis a chur ann.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad